



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0261(NLE)

6054/23
ADD 1

AVIATION 16
RELEX 142
USA 8
N 6
ISL 7

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Feabhra 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 49 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad páirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 49 final.

Faoi iamh: COM(2023) 49 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2023
COM(2023) 49 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

PRÓTACAL

lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ (dá ngairtear ‘na Stáit Aontaithe’ anseo feasta),

den chéad pháirt;

POBLACHT NA hOSTAIRE,

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

AN UNGÁIR,

ÉIRE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCAHT LUCSAMBURG,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

~~RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,~~

ós páirtithe iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear ‘na Ballstáit’ anseo feasta),

agus

AN tAONTAS EORPACH,

den dara páirt;

AN ÍOSLAINN,

den tríú páirt; agus

RÍOCHT NA hIORUA (dá ngairtear ‘an Iorua’ anseo feasta),

den cheathrú páirt;

Ag féachaint d’aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

An Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011 (dá ngairtear ‘Comhaontú 2011’ anseo feasta), beidh feidhm ag an gComhaontú sin maidir le Poblacht na Cróite mar Bhallstát den Aontas Eorpach.

Airteagal 2

Scríosfar Airteagal 2 de Chomhaontú 2011 ina iomláine agus cuirfear an méid seo a leanas ina ionad:

‘AIRTEAGAL 2

Cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar mar a leasaíodh é leis na Prótacail agus na hIarscríbhíne a ghabhann leis an gComhaontú seo

Forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le hAeriompar’ anseo feasta), arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 a leasú, a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, agus arna leasú a thuilleadh leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le hAeriompar’ anseo feasta), arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007, a leasú a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a síníodh an _____, 2019~~23~~²³ (dá ngairtear ‘na Prótacail’ anseo feasta), a ionchorpraítear leis seo trí thagairt, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le gach Páirtí sa Chomhaontú seo, faoi réir na hIarscríbhíne a ghabhann leis an gComhaontú seo. Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar, arna leasú leis na Prótacail, maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua amhail is dá mba Bhallstáit den Aontas Eorpach iad, ionas go mbeidh cearta agus oibleagáidí uile na mBallstát faoin gcomhaontú sin ag an Íoslainn agus ag an Iorua. Tá forálacha na hIarscríbhíne a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo.’

Airteagal 3

Cuirfear tagairtí do ‘na Prótacail’ in ionad na dtagairtí uile do ‘an Prótacal’ san Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú 2011.

Airteagal 4

Scríosfar mír 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú 2011 ina iomláine agus cuirfear an méid seo a leanas ina ionad:

‘6. Is é an méid seo a leanas a bheidh i dtéacs Roinn 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAeriompar arna leasú leis na Prótacail:

‘D’ainneoin Airteagal 3 den Chomhaontú seo, ní bheidh an ceart ag aerlínte SAM seirbhísí ‘lasta amháin’ a sholáthar nach cuid iad de sheirbhís a dhéanann freastal ar na Stáit Aontaithe, chuig pointí sna Ballstáit nó ó na pointí sin, seachas chuig pointí i bPoblacht na Cróite, i bPoblacht na Seice, i bPoblacht na Fraince, i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, in Ard-Diúcacht Lucsamburg, i Málta, i bPoblacht na Polainne, i bPoblacht na Portaingéile, i bPoblacht na Slóvaice, san Íoslainn, agus i Ríocht na hIorua, nó ó na pointí sin.’

Airteagal 5

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas:

1. dáta theacht i bhfeidhm Chomhaontú 2011;
2. dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007, a leasú a shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a síníodh an 201923; agus
3. mí tar éis dháta an nóta deiridh sna malartuithe nótaí taidhleoireachta idir na Páirtithe a dheimhneoidh gur cuireadh na nósanna imeachta riachtanacha ar fad le haghaidh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo i gcrích.

Airteagal 6

Go dtí go dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm, comhaontaíonn na Páirtithe an Prótacal seo a chur i bhfeidhm go sealadach, a mhéid a cheadaítear faoin dlí baile is infheidhme, ó dháta an tsínithe.

Arna dhéanamh in, ceithre chóip, an 201923.

Thar ceann Stáit Aontaithe Mheiriceá:

Thar ceann Phoblacht na hOstaire,
Ríocht na Beilge,
Phoblacht na Bulgáire,

Phoblacht na Cróite,
Phoblacht na Cipire,
Phoblacht na Seice,
Ríocht na Danmhairge,
Phoblacht na hEastóine,
Phoblacht na Fionlainne,
Phoblacht na Fraince,
Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,
na Poblachta Heilléanaí,
na hUngáire,
na hÉireann,
Phoblacht na hIodáile,
Phoblacht na Laitvia,
Phoblacht na Liotuáine,
Ard-Diúcacht Lucsamburg,
Mhálta,
Ríocht na hÍsiltíre,
Phoblacht na Polainne,
Phoblacht na Portaingéile,
na Rómáine,
Phoblacht na Slóvaice,
Phoblacht na Slóivéine,
Ríocht na Spáinne,
Ríocht na Sualainne,
~~Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,~~ agus
an Aontais Eorpaigh:

Thar ceann na hÍoslainne:

Thar ceann Ríocht na hIorua:

Dearbhú Comhpháirteach

‘Dheimhnigh ionadaithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit, ón Íoslainn agus ó Ríocht na hIorua go ndéanfar téacs an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a síníodh an _____, ~~2019~~**23** (‘an Prótacal’), go ndéanfar téacs an Phrótacail sin a fhíordheimhniú i dteangacha eile de réir mar a fhorálfar le malartú litreacha, roimh shíniú an Phrótacail, nó le cinneadh ón gComhchoiste, tar éis shíniú an Phrótacail.

Ina theannta, maidir leis an téarma ‘teangacha eile’ sna Dearbhuithe Comhpháirteacha is cuid den Chomhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, dheimhnigh na hIonadaithe go n-áirítear sa téarma sin teangacha na mBallstát a aontaíonn don Aontas Eorpach.

Is cuid dhílis den Chomhaontú an Dearbhú Comhpháirteach seo.’

Thar ceann Stáit Aontaithe Mheiriceá:

Thar ceann an Aontais Eorpaigh
agus a Bhallstát:

Thar ceann na hÍoslainne:
hIorua:

Thar ceann Ríocht na

